II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2021/1840 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 maidir le dramhaíl áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm maidir leo ag Cinneadh ECFE maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola a rialú

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2006 maidir le seoltaí dramhaíola ([1]), agus go háirithe Airteagal 37(2), an tríú fomhír, de.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 37(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, tá sé de cheangal ar an gCoimisiún Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 ón gCoimisiún ([2]) a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta, ar rialachán é maidir le dramhaíl áirithe a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE ([3]) maidir leo. Déanann an Coimisiún amhlaidh ar bhonn faisnéis nua faoin reachtaíocht is infheidhme maidir le hallmhairiú dramhaíola sa tríú tír.

(2) In 2019, sheol an Coimisiún iarraidh i scríbhinn chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm ag Cinneadh ECFE maidir leo, agus é ag lorg deimhniú i scríbhinn go bhféadfar dramhaíl agus meascáin de chineálacha dramhaíola a onnmhairiú ón Aontas lena n-aisghabháil sna tíortha sin, ar cineálacha dramhaíola iad a liostaítear in Iarscríbhinn III nó Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 agus nach bhfuil toirmeasc ar a honnmhairiú faoi Airteagal 36 den Rialachán sin. D'iarr an Coimisiún freisin ar na tíortha lena mbaineann aon nós imeachta náisiúnta um rialú a thabhairt le fios. Fuair an Coimisiún freagraí, lenar áiríodh iarrataí ar shoiléiriú breise ([4]).

([1]) IO L 190, 12.7.2006, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 ón gCoimisiún an 29 Samhain 2007 maidir le dramhaíl áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn III nó IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a onnmhairiú lena haisghabháil chuig tíortha áirithe nach bhfuil feidhm maidir leo ag Cinneadh ECFE maidir le gluaiseachtaí trasteorann dramhaíola a rialú (IO L 316, 4.12.2007, lch. 6).

([3]) Cinneadh ón gComhairle maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíola atá beartaithe le haghaidh Oibríochtaí Aisghabhála (ECFE/LEGAL/0266).

([4]) Freagraí ó: An Aetóip, an Afraic Theas, an Airméin, an Albáin, Andóra, Anguilla, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha, an Asarbaiseáin, an Bhairéin, an Bhanglaidéis, an Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, Buircíne Fasó, Cabo Verde, an Chambóid, Catar, an Chirgeastáin, an Cholóim, Daon-Phoblacht Chongó, an Congó, an Chosaiv*, an Chósta Eabhair, Cósta Ríce, Cúba, Eacuadór, an Éigipt, an Ghabúin, Gána, an Ghuáin, Guatamala, an Ghuine, Háití, Hondúras, Hong Cong (an tSín), Iamáice, an India, an Indinéis, Laos, an Libéir, an Liobáin, Madagascar, Maenmar/Burma, Mailí, an Mhalaeisia, Maracó, an Mholdóiv, Monacó, Montainéagró, an Namaib, Nicearagua, an Nigéir, an Nígir, na hOileáin Fhilipíneacha, Oileán na Tríonóide agus Tobága, Óman, an Phacastáin, Panama, Paragua, Peiriú, Ruanda, an tSaimbia, Saint Lucia, an tSalvadóir, San Mairíne, São Tomé agus Príncipe, Sead, an tSeineagáil, an tSeirbia, an tSeoirsia, Singeapór, Srí Lanca, Stáit an tSúdáin, an Téalainn, an Téaváin, an Tuircméanastáin, an Úcráin, an Úisbéiceastáin, Uragua, Vítneam.

*Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh ar stádas, agus tá sé ag teacht le UNSCR 1244/1999 agus le tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

Rinneadh comhalta ECFE den Cholóim an 28 Aibreán 2020. Scoirfidh Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 d'fheidhm a bheith aige maidir leis an gColóim ón uair a shuífidh na comhlachtaí ábhartha de chuid ECFE go bhfuil Cinneadh ECFE á chomhlíonadh go hiomlán ag an gColóim.

(3) Le linn an 14ú cruinniú i mí na Bealtaine 2019, glacadh Cinneadh BC-14/12 sa Chomhdháil de na Páirtithe i gCoinbhinsiún Basel maidir le Rialú Gluaiseachtaí Trasteorann Dramhaíolacha Guaiseacha agus a nDiúscairt ([5]). Is Cinneadh é seo a chuir iontrálacha nua maidir le plaistigh leis na hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, lena n-áirítear iontráil B3011 in Iarscríbhinn IX maidir le dramhaíl neamhghuaiseach. Tá éifeacht leis na leasuithe seo ón 1 Eanáir 2021 i leith. Sa bhreis air sin, an 7 Meán Fómhair 2020, ghlac an Coiste um Beartas Comhshaoil de chuid ECFE leasuithe ar Aguisín 4 a ghabhann le Cinneadh ECFE maidir le dramhaíl phlaisteach ghuaiseach, agus tugadh soiléirithe maidir le hAguisín 3 agus Aguisín 4 de Chinneadh ECFE, a bhfuil éifeacht leo ón 1 Eanáir 2021 i leith.

(4) De bhun na gcinntí sin, le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2174 ón gCoimisiún ([6]), leasaíodh Iarscríbhinní IC, III, IIIA, IV, V, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 chun go gcuirfí san áireamh na leasuithe a bhaineann le hiontrálacha maidir le dramhaíl phlaisteach sna hIarscríbhinní a ghabhann le Coinbhinsiún Basel, agus i gCinneadh ECFE. Dá thoradh sin, ón 1 Eanáir 2021 i leith, ní cheadófar dramhaíl phlaisteach a onnmhairiú ón Aontas chuig tíortha nach bhfuil feidhm ag cinneadh ECFE maidir leo ach amháin má thagann an dramhaíl sin faoi raon feidhme iontráil nua B3011 maidir le dramhaíl phlaisteach a áirítear in Iarscríbhinn IX a ghabhann le Coinbhinsiún Basel agus má cheadaíonn an tír cinn scríbe dramhaíl den sórt sin a allmhairiú isteach ar a críoch.

(5) In 2019 agus 2020, chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na tíortha lena mbaineann chun soiléiriú a lorg maidir leis na nósanna imeachta náisiúnta i ndáil leis na hiontrálacha nua maidir le plaisteach faoi Choinbhinsiún Basel. Fuair an Coimisiún freagraí ó 23 cinn de thíortha agus críocha custaim ([7]).

(6) Chuir tíortha áirithe in iúl go bhfuil sé i gceist acu cloí le nósanna imeachta rialaithe atá éagsúil leis na nósanna imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 37(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006. Sna cásanna sin a liostaítear i gcolún (d) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, glactar leis go bhfuil na hallmhaireoirí ar an eolas faoi na ceanglais dhlíthiúla shonracha a fhorchuireann an tír cinn scríbe.

(7) I gcás ina dtugtar le fios san Iarscríbhinn nach gcuireann tír toirmeasc ar sheoltaí áirithe dramhaíola ná nach gcuireann sí an nós imeachta um réamhfhógra agus toiliú i scríbhinn i bhfeidhm ina leith, nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, ba cheart feidhm *mutatis mutandis* a bheith ag Airteagal 18 den Rialachán sin maidir le seoltaí den sórt sin.

(8) I gcás ina liostaítear tír san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007, agus go bhfuil faisnéis ag an gCoimisiún go ndearnadh athruithe ar a reachtaíocht náisiúnta ábhartha ach nár eisigh an tír deimhniú i scríbhinn mar fhreagra ar na hiarrataí ar fhaisnéis a sheol an Coimisiún in 2019 agus 2020, beidh feidhm ag an nós imeachta um réamhfhógra agus toiliú i scríbhinn i gcomhréir le hAirteagal 37(2), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006.

(9) I gás nach liostaítear tír nó i gcás nach luaitear dramhaíl áirithe ná meascán de chineálacha dramhaíola i gcomhair tír áirithe san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007, ciallaíonn sé sin nár eisigh an tír deimhniú i scríbhinn nó nár eisigh sí deimhniú i scríbhinn le haghaidh na dramhaíola nó an mheascáin de chineálacha dramhaíola sin agus go bhféadfar iad a onnmhairiú ón Aontas chuig an tír sin lena n-aisghabháil. I gcomhréir le hAirteagal 37(2), an dara fomhír, de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, maidir le honnmhairí cineálacha dramhaíola chuig na tíortha sin lena n-aisghabháil, ar cineálacha dramhaíola iad nach bhfuil toirmeasc orthu faoi Airteagal 36 den Rialachán sin, beidh feidhm ag an nós imeachta maidir le réamhfhógra agus toiliú i scríbhinn i leith na

([5]) 1673 UNTS lch. 57.

([6]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/2174 ón gCoimisiún an 19 Deireadh Fómhair 2020 lena leasaítear Iarscríbhinní IC, III, IIIA, IV, V, VII agus VIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le seoltaí dramhaíola (IO L 433, 22.12.2020, lch. 11).

([7]) Liostaítear críocha custaim ar leithligh san Iarscríbhinn, fiú nuair a bhaineann siad leis an tír chéanna.

gcineálacha dramhaíola sin. Sna cásanna sin, faoi cholún (a) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcás inar thug tíortha le fios go gcuireann siad toirmeasc ar allmhairí gach cineáil dramhaíola a chumhdaítear le hIarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, ach nár sholáthair siad an fhaisnéis shonrach maidir lena nósanna imeachta náisiúnta um rialú i ndáil le dramhaíl phlaisteach a thagann faoi iontráil B3011 maidir le dramhaíl, ba cheart a mheas go gcumhdaíonn an toirmeasc allmhairiúcháin ginearálta an dramhaíl phlaisteach faoi iontráil B3011.

(10) Gach dramhaíl a chumhdaítear le hIarscríbhinn III agus Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, sna cásanna inar thug tíortha le fios nach mbeadh an dramhaíl sin faoi réir nós imeachta rialaithe ná nósanna imeachta rialaithe eile faoin dlí náisiúnta ach nár sholáthair siad faisnéis shonrach maidir lena nósanna imeachta náisiúnta um rialú i ndáil le dramhaíl phlaisteach a thagann faoi iontráil B3011 maidir le dramhaíl, ba cheart a mheas go bhfuil feidhm ag an nós imeachta um réamhfhógra agus toiliú i scríbhinn faoi cholún (b) den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán sin maidir le hiontráil B3011.

(11) Maidir leis na tíortha nár thug freagra ar a iarrataí ar fhaisnéis, scrios an Coimisiún iontrálacha B3010 agus GH013 i leith na dtíortha sin, ar iontrálacha iad nach ann dóibh a thuilleadh.

(12) An 25 Bealtaine 2021, d'fhormheas Comhairle ECFE an Tuairim ón gCoiste um Beartas Comhshaoil maidir le Cósta Ríce Cinneadh ECFE a chomhlíonadh. Dá thoradh sin, níl feidhm ag Airteagal 37(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 maidir leis an tír sin a thuilleadh agus dá bhrí sin scriostar an iontráil do Chósta Ríce ón Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1418/2007 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Albáin:

‘**An Albáin**

(a)	(b)	(c)	(d)’
Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, **seachas** ó B1010: — Fuíoll iarainn agus cruach ardíonachta (98 %) — Fuíoll alúmanaim ardíonachta (95 %)		Ó B1010: — Fuíoll iarainn agus cruach ardíonachta (98 %) — Fuíoll alúmanaim ardíonachta (95 %)	

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le hAnguilla

‘**Anguilla**

(a)	(b)	(c)	(d)’
	Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006		

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Airgintín:

‘**An Airgintín**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
			B1010
B1020			
			B1030 — B1050
B1060			
			B1070 — B1090
ó B1100: — Spealtar since crua			ó B1100: — Bearrthaí alúmanaim (nó bearrthaí) gan slaig shalainn a áireamh

— Cineálacha drais ina bhfuil sinc: — Dras since uachtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since íochtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since ó theilgean dísle (> 85 % Zn) — Dras since i bhfoirm leice ó ghalbhánú teothumtha (baisc) (> 92 % Zn) — Bearrthaí since			— Cineálacha dramhaíola as líneálacha teasfhulangacha, lena n-áirítear breogáin, ó bhruithniú copair — Slaig ó phróiseáil miotal lómhar chun mínghlanadh thairis sin a dhéanamh orthu — Slaig stáin ina bhfuil tantalam agus ina bhfuil cion níos lú ná 0.5 % de stán
			B1115 — B1130
B1140			
			B1150 — B1230
B1240			
			B1250 — B2110
B2120 — B2130			
ó B3020: — Fuíoll neamhshórtáilte			ó B3020: — Gach cineál dramhaíola eile
			B3030 — B3120
B3130 — B4030			
			GB040 — GC010
GC020			
			GC030 — GF010
GG030; GG040			
			GN010 — GN030
Meascáin de chineálacha dramhaíola			
			Meascán de B1010 agus B1050
			Meascán de B1010 agus B1070
			Meascán de B3040 agus B3080
			Meascán B1010
			Meascán B2010
			Meascán B2030

ó Mheascán B3020: — Fuíoll sórtáilte			ó Mheascán B3020: — Gach meascán eile de chineálacha dramhaíola
			Meascán B3030
			Meascán B3040
			Meascán B3050’

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Airméin:

‘**An Airméin**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
	B1100		
	B1170 — B1240		
B3040			
	B3060		
	B3080		
B3140			
		Gach cineál dramhaíola eile a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’	

(5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Asarbaiseáin:

‘**An Asarbaiseáin**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
	Ó B1010: — Gach cineál dramhaíola eile		Ó B1010: — Fuíoll stáin — Fuíoll tearcithreach
	B1020 — B1120		
			B1130
	B1140 — B1250		
	— Ó B2010: — Dramhaíl slinne, bíodh sí ciumhsach go garbh nó ná bíodh nó go díreach gearrtha, trína sábhadh nó — a mhalairt		Ó B2010: — Dramhaíl ghraifíte nádúrtha — Dramhaíl iathchloiche

	— Dramhaíl mhíoca — Dramhaíl leoicíte, neifilíne agus Neifilín Síníte — Dramhaíl fluairíte		— Dramhaíl silice i bhfoirm sholadach gan an dramhaíl sin a úsáidtear in oibríochtaí teilgcheárta a áireamh
			B2020 — B2030
	— Ó B2040: — mínghlanta go páirteachsulfáit Cailciam arna táirgeadh ó dhíshulfarú gáis múcháin — slaig ó tháirgeadh copair, arna cobhsú go ceimiceach, ina bhfuil cion ard iarainn (os cionn 20 %) agus arna próiseáil de réir sonraíochtaí tionsclaíocha (e.g. DIN 4301 agus DIN 8201) go príomhale haghaidh tógálaagus oibríochtaí scríobchaithimh — Sulfar i bhfoirm soladach — Sóidiam, potaisiam, — clóirídí cailciam — Litiam -Tantalam agus Litiam-Niaibiam ina bhfuil fuíll ghloine	—	Ó B2040: — Dramhaíl as ballachlár gistim nó plástarchlár gipsim ó scartáil foirgneamh — Aolchloch ó tháirgeadh ciainimíde cailciam (a bhfuil pH níos lú ná 9 aici) — Carbaram (cairbíd sileacain) — Coincréit bhriste
	B2060 — B2070		
			B2080
	B2090 — B2100		
			B2110
	B2120		
			B2130
			B3020 — B3035
	B3040		
			B3050
	Ó B3060: — Moirt fíona		Ó B3060: — Gach cineál dramhaíola eile

			B3065 — B3120
	B3130 — B4030		
	GB040 — GC050		
			GE020 — GG040
			GN010 — GN030’

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le Bairéin:

‘**Bairéin**

(a)	(b)	(c)	(d)
B3011	Gach cineál dramhaíola eile a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’		

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an mBanglaidéis:

‘**An Bhanglaidéis**

(a)	(b)	(c)	(d)
Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006, **seachas**: Ó B1010: — Dramhaíl agus fuíoll iarainn agus cruach; — Dramhaíl agus fuíoll alúmanaim — Dramhaíl agus fuíoll copair B2020 B3020			Ó B1010: — Dramhaíl agus fuíoll iarainn agus cruach; — Dramhaíl agus fuíoll alúmanaim — Dramhaíl agus fuíoll copair
			B2020
			B3020’

(8) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an mBealarúis:

‘**An Bhealarúis**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
		B1010 — B1160	

	B1170 — B1210		
		B1220	
	B1230 — B1240		
		B1250 — B2130	
		B3020 — B3035	
Ó B3040: — Dramhaíl agus fuíoll rubair chrua (e.g. éabainnít)	Ó B3040: — Gach cineál dramhaíola eile		
		B3050	
	Ó B3060: — Moirt fíona	Ó B3060: — Gach cineál dramhaíola eile	
		B3065 — B3070	
	B3080		
		B3090 — B3130	
	B3140		
		B4010 — B4030	
		GB040 — GG030	
	GG040		
		GN010 — GN030	

Meascáin de chineálacha dramhaíola

		Meascán de B1010 agus B1050	
		Meascán de B1010 agus B1070	
	Meascán de B3040 agus B3080		
		Meascán B1010	
		Meascán B2010	
		Meascán B2030	
		Meascán B3020	
		Meascán B3030	
	Meascán B3040		
		Meascán de B3050’	

(9) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an mBeinin:

'**Beinin**

(a)	(b)	(c)	(d)
	Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006'		

(10) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin:

'**An Bhoisnia agus an Heirseagaivéin**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
			Ó B1010: — Fuíoll iarainn agus cruach — Fuíoll copair — Fuíoll alúmanaim — Fuíoll since — Fuíoll stáin
			Ó B1020: — Fuíoll luaidhe (ach gan ceallraí luaidhe-aigéadacha a áireamh)
			B1050
			B1090
			Ó B1100: — Slaig stáin ina bhfuil tantalam agus ina bhfuil cion níos lú ná 0,5 % de stán Ó B1120: — Miotail thrasdultacha, gan catalaígh dramhaíola a áireamh (catalaígh chaite, catalaígh leachtacha úsáidte nó catalaígh eile) ar liosta A — Scaindiam — Vanaidiam — Mangainéis — Cóbalt — Copar — Itriam — Niaibiam

			— Haifniam — Tungstan — Tíotáiniam — Cróimiam — Iarann — Nicil — Sinc — Siorcóiniam — Molaibdéineam — Tantalam — Réiniam
			B1130
			B2020
			B3020
			B3050
			B3065
			B3140
			GC020’

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an mBrasaíl:

‘**An Bhrasaíl**

a	b	c	d
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
		ó B1010: — Miotail lómhara (ór, airgead, miotail de chuid an ghrúpa platanaim, ach gan mearcair a áireamh) — Fuíoll iarainn agus cruach — Fuíoll copair — Fuíoll Alúmanaim — Fuíoll stáin — Fuíoll tíotáiniam	ó B1010: — Fuíoll nicile — Fuíoll since — Fuíoll tungstain — Fuíoll molaibdéinim — Fuíoll tantalaim — Fuíoll maignéisiam — Fuíoll cóbailt — Fuíoll biosmait — Fuíoll siorcóiniam — Fuíoll mangainéise — Fuíoll gearmáiniam — Fuíoll vanaidiam — Fuíoll haifniam, indiam, niaibiam, réiniam agus gailliam

			— Fuíoll tóiriam — Fuíoll tearcithreach — Fuíoll cróimiam
	B1020		
		B1030	
	B1031 — B1040		B1031 — B1040
		B1050	
	B1060		
		B1070	
	B1080 — B1090		B1080 — B1090
	ó B1100: — Cineálacha drais ina bhfuil sinc: — Dras since uachtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since íochtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since ó theilgean dísle (> 85 % Zn) — Dras since i bhfoirm leice ó ghalbhánú teothumtha (baisc) (> 92 % Zn) — Bearrthaí since — Cineálacha dramhaíola líneálacha teasfhulangacha, lena n-áirítear breogáin, ó bhruithniú copair — Slaig ó phróiseáil miotal lómhar chun mínghlanadh thairis sin a dhéanamh orthu — Slaig stáin ina bhfuil tantalam agus ina bhfuil cion níos lú ná 0.5 % de stán	ó B1100: — Spealtar since crua — Bearrthaí alúmanaim gan slaig shalainn a áireamh	ó B1100: — Cineálacha drais ina bhfuil sinc: — Dras since uachtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since íochtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since ó theilgean dísle (> 85 % Zn) — Dras since i bhfoirm leice ó ghalbhánú teothumtha (baisc) (> 92 % Zn) — Bearrthaí since — Cineálacha dramhaíola as líneálacha teasfhulangacha, lena n-áirítear breogáin, ó bhruithniú copair — Slaig ó phróiseáil miotal lómhar chun mínghlanadh thairis sin a dhéanamh orthu — Slaig stáin ina bhfuil tantalam agus ina bhfuil cion níos lú ná 0.5 % de stán
		B1115	
	B1120		B1120
		B1130	
	B1140		B1140
		B1150	
	B1160 — B1220		B1160 — B1220
		B1230 — B2020	
	B2030		B2030

		B2040 — B2130	
		B3020 — B3050	
B3060 — B3070			
		B3080 — B3130	
B3140			
		B4010 — B4030	
			GB040 — GC020
	GC030 — GC050		GC030 — GC050
		GE020 — GF010	
	GG030 — GG040		GG030 — GG040
GN010 — GN030			
Meascáin de chineálacha dramhaíola			
			Meascán de B1010 agus B1050
			Meascán de B1010 agus B1070
		Meascán de B3040 agus B3080	
			Meascán B1010
		Meascán B2010	
		Meascán B2030	
		Meascán B3020	
		Meascán B3030	
		Meascán B3040	
		Meascán B3050’	

(12) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le Buircíne Fasó:

‘**Buircíne Fasó**

(a)	(b)	(c)	(d)
Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’			

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an gCambóid:

‘**An Chambóid**

(a)	(b)	(c)	(d)
Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006 seachas B3011’			B3011

(14) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le Cabo Verde:

'**Cabo Verde**

(a)	(b)	(c)	(d)
Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006'			

(15) Scriostar an tábla a bhaineann leis an tSín

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Téaváin:

'**An Téaváin**

(a)	(b)	(c)	(d)
	Ó B1010: — Miotail lómhara (ór, airgead, miotail de chuid an ghrúpa platanaim ach gan mearcair a áireamh) — Fuíoll molaibdéinim — Fuíoll tantalaim — Fuíoll cóbailt — Fuíoll biosmait — Fuíoll siorcóiniam — Fuíoll mangainéise — Fuíoll vanaidiam — Fuíoll haifniam, indiam, niaibiam, réiniam agus gailliam — Fuíoll tóiriam — Fuíoll tearcithreach — Fuíoll cróimiam		Ó B1010: — Fuíoll iarainn agus cruach — Fuíoll copair — Fuíoll nicile — Fuíoll alúmanaim — Fuíoll since — Fuíoll stáin — Fuíoll tungstain — Fuíoll maignéisiam — Fuíoll tíotáiniam — Fuíoll gearmáiniam
Ó B1020: — Fuíoll caidmiam — Fuíoll luaidhe (gan ceallraí luaidhe-aigéadacha a áireamh) — Fuíoll seiléiniam	Ó B1020: — Fuíoll antamóin — Fuíoll beirilliam — Fuíoll teallúiriam		
	B1030 — B1031		
B1040			
	B1050		

B1060			
	B1070 — B1090		
	Ó B1100: — Bearrthaí alúmanaim (nó bearrthaí) gan slaig shalainn a áireamh		Ó B1100: — Spealtar since crua — Cineálacha drais ina bhfuil sinc:
	B1115		
	B1120		B1120
	B1130 — B1150		
B1160			
	B1170 — B1250		
	B2010 — B2030		
	Ó B2040: — sulfáit chailciaim arna mínghlanadh go páirteach agus arna táirgeadh ó dhíshulfarú gáis múcháin — Dramhaíl as ballachlár gipsim nó plástarchlár gipsim ó scartáil foirgneamh — Sulfar i bhfoirm sholadach — Aolchloch ó tháirgeadh ciainimíde cailciam (a bhfuil pH níos lú ná 9 aici) — Sóidiam, potaisiam, clóirídí cailciam — Carbaram (cairbíd sileacain) — Coincréit bhriste — Litiam-Tantalam agus Litiam-Niaibiam ina bhfuil fuílll ghloine		Ó B2040: — Slaig ó tháirgeadh copair, arna cobhsú go ceimiceach, ina bhfuil cion ard iarainn (os cionn 20 %) agus arna próiseáil de réir sonraíochtaí tionsclaíocha (e.g. DIN 4301 agus DIN 8201) go príomha le haghaidh tógála agus oibríochtaí scríobchaithimh
	B2060 — B2130		
			B3011
	Ó B3020: — páipéar nó cairtchlár atá déanta as laíon meicniúil go príomha		Ó B3020: — páipéar nó cairtchlár neamhthuartha, nó páipéar r nó cairtchlár rocach

	— eile, lena-áirítear ach gan bheith teoranta dóibh seo a leanas: 1. cairtchlár lannaithe 2. fuíoll neamhshórtáilte		— páipéar nó cairtchlár eile atá déanta as laíon ceimiceach tuartha go príomha, gan bheith daite sa mhais
	B3026 — B3035		
	B3040		B3040
			B3050
	B3060		
B3065			
	B3070		
	B3080		B3080
B3090 — B3100			
	B3110 — B3140		
	B4010		
	B4020		
B4030			
	GB040		
	GC010		
	GC020		
GC030			
	GC050		
	GE020		
	GF010		
	GG030		
	GG040		
	GN010 — GN030		
Meascáin dramhaíola			
	Gach meascán de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’		

(17) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an gColóim:

‘**An Cholóim**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
		B1010 — B1070	

			B1080
		B1090	
			B1100
		B1115 — B1150	
			B1160
		B1170 — B1190	
			B1200
		B1210	
			B1220
		B1230 — B1250	
		Ó B2010: — Gach cineál dramhaíola eile	Ó B2010: — Dramhaíl mhíoca
		B2020 — B2030	
		Ó B2040: — Gach cineál dramhaíola eile	Ó B2040: — Slaig ó tháirgeadh copair, arna cobhsú go ceimiceach, ina bhfuil cion ard iarainn (os cionn 20 %) agus arna próiseáil de réir sonraíochtaí tionsclaíocha (e.g. DIN 4301 agus DIN 8201) le haghaidh tógála agus oibríochtaí scríobchaithimh go príomha
		B2060 — B2130	
		B3020	
		Ó B3030: — Dramhaíl síoda (lena n-áirítear cocúin nach bhfuil oiriúnach lena dtochras, dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) — gan cardáil ná cíoradh — eile — Dramhaíl olla nó fionnaidh ainmhíoch mhín nó ghairbh, lena n-áirítear dramhaíl snátha ach gan stoc gairnéadaithe a áireamh — scothanna olla nó scothanna fionnaidh ainmhíoch mhín	Ó B3030: — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as fíorchnáib (*Cannabis sativa L.*) — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas *Agave* — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as cócó

		— dramhaíl eile as olann nó as fionnadh ainmhíoch mín — dramhaíl as fionnadh ainmhíoch garbh — dramhaíl chadáis (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe): — dramhaíl snátha (lena n-áirítear dramhaíl snáithe) — stoc gairnéadaithe — eile — Barrach agus dramhaíl lín — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as siúit agus snáithíní cáiteoige teicstíle eile (gan líon, fíorchnáib ná raimí a áireamh) — Dramhaíl (lena n-áirítear scothanna, dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as snáithíní de dhéantús an duine: — as snáithíní sintéiseacha — as snáithíní saorga — Éadaí seanchaite agus earraí teicstíle seanchaite eile — Ceirteacha, fuíoll sreangáin, téadra, téad agus cáblaí, iad seanchaite, agus earraí seanchaite as sreangán, téadra, téad nó cáblaí teicstíle: — iad sórtáilte — eile	— Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as abacá (cnáib mhainileach nó *Musa textilis Nee*) — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as raimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile, nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile
		B3035 — B3040	
		Ó B3050: — Dramhaíl choirc: corc brúite, gránaithe nó meilte	Ó B3050: — Dramhaíl agus fuíoll adhmaid, bíodh sé ceirtleánaithe i bhfoirm spreotaí, bricíní, millíní nó foirmeacha comhchosúla nó ná bíodh
		Ó B3060: — Moirt fíona	Ó B3060: — Gach cineál dramhaíola eile

		— Cineálacha dramhaíola eile ón tionscal earraí bia ó tháirgí talmhaíochta seachas seachtháirgí a chomhlíonann ceanglais agus caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta maidir lena gcaitheamh ag an duine nó ag ainmhithe	
			B3065
		Ó B3070: — Dramhaíl as ghruaig dhaonna — Dramhaíl tuí	Ó B3070: — Mícéiliam fungais díghníomhachtaithe ó tháirgeadh peinicilline atá le húsáid mar bheatha ainmhithe
		B3080	
			B3090 — B3100
		B3110 — B3130	
			B3140 — B4010
		B4020 — B4030	
		Ó GB040: — Cineálacha dramhaíola as líneálacha teasfhulangacha, lena n-áirítear breogáin, ó bhruithniú copair — Slaig stáin ina bhfuil tantalam agus ina bhfuil cion níos lú ná 0,5 % de stán	Ó GB040: — Slaig ó phróiseáil miotal lómhar chun mínghlanadh thairis sin a dhéanamh orthu
		GB040	
		GC010	
			GC020
		GC030 — GF010	
			GG030
			GG040
			GN010 — GN030
Meascáin de chineálacha dramhaíola			
			Meascán de B1010 agus B1050
			Meascán de B1010 agus B1070
			Meascán B1010
		Gach meascán eile de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’	

(18) Cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an gCóngó, de réir ord aibítre:

'**An Congó**

(a)	(b)	(c)	(d)
Gach cineál dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006'			

(19) Scriostar an tábla a bhaineann le Cósta Ríce

(20) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le Cúba:

'**Cúba**

(a)	(b)	(c)	(d)
	B3011	Gach cineál dramhaíola eile a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006'	

(21) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le Cúrasó:

'**Cúrasó**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
	B1010 — B2130		
	B3020		
Ó B3030: — Éadaí seanchaite agus earraí teicstíle seanchaite eile; — Ceirteacha, fuíoll sreangáin, téadra, téad agus cáblaí, iad seanchaite agus earraí seanchaite as sreangán, téadra, téad nó cáblaí teicstíle	Ó B3030: Gach cineál dramhaíola eile		
B3035			
	B3040 — B3065		
B3070			
	B3080 — B4030		
	GB040 — GF010		
GG030 — GG040			
GN010 — GN030			

Meascáin de chineálacha dramhaíola			
	Gach meascán de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’		

(22) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le hEacuadór:

‘**Eacuadór**

(a)	(b)	(c)	(d)
	B3011		Gach cineál dramhaíola eile agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’

(23) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an Éigipt:

‘**An Éigipt**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
Ó B1010: — Cineálacha dramhaíola ina bhfuil comhdhúile cróimiam de choibhéis	Ó B1010: — Fuíoll iarainn agus cruach — Fuíoll copair — Fuíoll alúmanaim		Ó B1010: — Gach cineál dramhaíola eile
			B1020
B1030 — B1040			
	B1050		
B1060			
	B1070		
B1080 — B1140			
	B1150		
B1160			
B1190			
			B1210 — B1230
	B1240		
			B1250
B2010			

Ó B2020: — Cuilléid as lampaí ga-ch-atóideacha agus gloiní gníomhachtaithe eile	Ó B2020: — Gach cineál dramh-aíola eile		
	B2030		
Ó B2040: — Slaig ó tháirgeadh cop-air, arna cobhsú go ceimiceach, ina bhfuil cion ard iarainn (os cionn 20 %) agus arna próiseáil de réir son-raíochtaí tionsclaíocha (e.g. DIN 4301 agus DIN 8201) le haghaidh tógála agus oibríochtaí scríobchaithimh go príomha	Ó B2040: — Gach cineál dramh-aíola eile		
B2060 — B2080			
B2090			
	B2100 — B2110		
B2120			
	B2130		
			B3011
			B3020 — B3027
	B3030; B3035		
			B3040
	B3050 — B3070		
			B3080
B3090 — B3130			
			B3140
B4010			
B4020			
	B4030		
GC010 — GC050			
GE020			

	GF010		
GG030			
GG040			
GN010 — GN030			
Meascáin dramhaíola			
Meascán de B1010 agus B1050 más é go bhfuil comhdhúile cróimiam de choibhéis heicseagánach iontu Meascán de B1010 agus B1070 más é go bhfuil comhdhúile cróimiam de choibhéis heicseagánach iontu Meascán de B1010 más é go bhfuil comhdhúile cróimiam de choibhéis heicseagánach iontu	Meascán de B1010 agus B1050, seachas na meascáin sin ina bhfuil comhdhúile cróimiam de choibhéis heicseagánach Meascán de B1010 agus B1070 seachas na meascáin sin ina bhfuil comhdhúile cróimiam de choibhéis heicseagánach Meascán B1010 más é go bhfuil fuíoll iarainn agus cruach, fuíoll copair, fuíoll alúmanaim ann		Meascán B1010, seachas na meascáin ina bhfuil comhdhúile cróimiam de choibhéis heicseagánach nó ina bhfuil fuíoll iarainn agus cruach, fuíoll copair, fuíoll alúmanaim
Meascán B2010			
	Meascán B2030		
	Meascán B3020		
	Meascán B3030		
			Meascán B3040
	Meascán B3050		Meascán de B3040 agus B3080’

(24) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an tSalvadóir:

‘**An tSalvadóir**

(a)	(b)	(c)	(d)
	B3011		Gach cineál dramhaíola eile agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’

(25) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an tSeoirsia:

‘**An tSeoirsia**

(a)	(b)	(c)	(d)
			B1010; B1020
B1030 — B1110			
			B1115
B1120 — B1190			
			B1200

B1210 — B1250			
			B2020
B2030			
Ó B2040: — Gach cineál dramhaíola eile			Ó B2040: — Slaig ó tháirgeadh copair, arna cobhsú go ceimiceach, ina bhfuil cion ard iarainn (os cionn 20 %) agus arna próiseáil de réir sonraíochtaí tionsclaíocha (e.g. DIN 4301 agus DIN 8201) le haghaidh tógála agus oibríochtaí scríobchaite go príomha
			B2050
B2060 — B2130			
			B3020
B3026; B3027			
B3030 — B3040			
			B3050
			B3060
B3065 — B3140			
B4010 — B4030			
GF010			
GG030			
			GN010 — GN030
Meascáin dramhaíola			
Meascán de B1010 agus B1050			Meascán B1010
Meascán de B1010 agus B1070			
Meascán B2010			
Meascán B2030			
			Meascán B3020
Meascán B3030			
Meascán de B3040 agus B3080			
Meascán B3040			
			Meascán B3050’

(26) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le Gána:

‘**Gána**

(a)	(b)	(c)	(d)
	B3011		Gach dramhaíl eile a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006’

(27) Cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann le Háití, de réir ord aibítre:

'**Háití**

(a)	(b)	(c)	(d)
	B3011	Gach cineál dramhaíola eile a liostaítear in Iarscríbhinn III agus meascáin de chineálacha dramhaíola a liostaítear in Iarscríbhinn IIIA a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1013/2006'	

(28) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le Hong Cong (an tSín):

'**Hong Cong (an tSín)**

(a)	(b)	(c)	(d)
Iontrálacha maidir le cineál amháin dramhaíola			
	B1010 — B1030		
B1031			
	B1040 — B1050		
B1060 — B1090			
	B1100		
	B1115		
Ó B1120: — Lantanóidigh (miotail tearcithreach) — Lantanam — Praiséidimiam — Samairiam — Gadailiniam — Diospróisiam — Eirbiam — Itéirbiam — Ceiriam — Neoidimiam — Eoraipiam — Teirbiam — Hoilmiam — Túiliam — Lúitéitiam	Ó B1120: — Miotail Thrasdultacha, gan catalaígh dramhaíola a áireamh (catalaígh chaite, catalaígh leachtacha úsáidte nó catalaígh eile) ar liosta A — Scaindiam — Vanaidiam — Mangainéis — Cóbalt — Copar — Itriam — Niaibiam — Haifniam — Tungstan — Tíotáiniam — Cróimiam — Iarann — Nicil — Sinc — Siorcóiniam — Molaibdéineam — Tantalam		

	— Réiniam		
— B1140 — B1190			
	B1200; B1210		
B1220			
	B1230		
B1240			
	B1250		
	B2010 — B2040		
B2060 — B2080			
	B2090		
B2100			
	B2110		
B2120; B2130			
	B3020 — B3090		
B3100; B3110			
	B3120		
B3130			
	B3140		
B4010 — B4030			
	GB040		
	GC010		
GC020 — dramhaíl as cláir chiorcad phriontáilte	GC020 — seachas dramhaíl as cláir chiorcad phriontáilte		
	GC030		
	GC050		
	GE020 — GN030		
Meascáin dramhaíola			
Meascán de B1010 agus B1070	Meascán de B1010 agus B1050		
	Meascán B1010		
	Meascán B2010		
	Meascán B2030		
	Meascán B3020 teoranta do pháipéar nó cairtchlár neamhthuartha nó do pháipéar nó cairtchlár rocach r, páipéar nó cairtchlár eile, atá déanta as laíon ceimiceach tuartha go príomha, nach bhfuil		

	daite sa mhais, páipéar nó cairtchlár atá déanta as laíon meicniúil go príomha (mar shampla nuachtáin, irisí agus ábhar eile clóite den chineál sin)		
	Meascán B3030		
	Meascán B3040		
	Meascán de B3040 agus B3080		
	Meascán B3050’		

(29) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann le hIndia:

‘**An India**

(a)	(b)	(c)	(d)
			Ó B1010: Cineálacha dramhaíola miotal agus cóimhiotal i bhfoirm neamhspréite mhiotalach — Fuíoll tóiriam — Fuíoll tearcithreach Ó B1010: Cineálacha dramhaíola miotal agus cóimhiotal i bhfoirm neamhspréite mhiotalach — Miotail lómhara (ór, airgead, miotail de chuid an ghrúpa platanaim, ach gan mearcair a áireamh) — Fuíoll iarainn agus cruach — Fuíoll copair — Fuíoll nicile — Fuíoll alúmanaim — Fuíoll since — Fuíoll stáin — Fuíoll tungstain — Fuíoll molaibdéinim — Fuíoll tantalaim — Fuíoll maignéisiam — Fuíoll cóbailt — Fuíoll biosmait — Fuíoll tíotáiniam

			— Fuíoll siorcóiniam — Fuíoll mangainéise — Fuíoll gearmáiniam — Fuíoll vanaidiam — Fuíoll haifniam, indiam, niaibiam, réiniam agus gailliam — Fuíoll cróimiam
			B1020
			B1030
			B1031
			B1040
			B1050: Miotal neamhfheiriúil measctha, fuíoll codáin throm, ina bhfuil caidmiam, antamóin, luaidhe & teallúiriam B1050: Miotal neamhfheiriúil measctha, fuíoll codáin throm, ina bhfuil miotail seachas na cinn a shonraítear
			B1060
			B1070
			B1080
			B1090
			Ó B1100: Cineálacha dramhaíola ina bhfuil miotail a thagann as leá, bruithniú agus mínghlanadh: — Spealtar since crua — Cineálacha drais ina bhfuil sinc: — Dras since uachtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since íochtair i bhfoirm leice ó ghalbhánú (> 90 % Zn) — Dras since ó theilgean dísle (> 85 % Zn)

			— Dras since i bhfoirm leice ó ghalbhánú teoth-umtha (baisc) (> 92 % Zn) — Bearrthaí since — Bearrthaí alúmanaim (nó bearrthaí) gan slaig shalainn a áireamh
B1115			
			B1120 — B1240
B1250			
			B2010 — B2100
B2110 — B2130			
B3020; B3026			
			B3027
			Ó B3030: — Cineálacha dramhaíola teicstíle Na hábhair seo a leanas, ar choinníoll nach measctar iad le cineálacha dramhaíola eile agus go bhfuil siad ullmhaithe de réir sonraíochta: — Dramhaíl olla nó fionnaidh ainmhíoch mhín nó ghairbh, lena n-áirítear dramhaíl snátha ach gan stoc gairnéadaithe a áireamh — scothanna olla nó scothanna fionnaidh ainmhíoch mhín — dramhaíl eile olla — nó dramhaíl as fionnadh ainmhíoch mín — dramhaíl as fionnadh ainmhíoch garbh — dramhaíl chadáis (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) — dramhaíl snátha (lena n-áirítear dramhaíl snáithe) — stoc gairnéadaithe — eile

			— Barrach agus dramhaíl lín — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as fíorchnáib (*Cannabis sativa*) — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as siúit agus snáithíní cáiteoige teicstíle eile (gan líon, fíorchnáib ná raimí a áireamh) — Barrach agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas *Agave* — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as cócó — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear , dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as abacá (cnáib mhainileach nó *Musa textilis Nee*) — Barrach, scothanna agus dramhaíl (lena n-áirítear dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as raimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile, nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile — Dramhaíl (lena n-áirítear scothanna, dramhaíl snátha agus stoc gairnéadaithe) as snáithíní de dhéantús an duine — as snáithíní sintéiseacha — as snáithíní saorga — Éadaí seanchaite agus earraí teicstíle seanchaite eile — Ceirteacha, fuíoll sreangáin, téadra, téad agus cáblaí, iad seanchaite agus earraí seanchaite as sreangán, téadra, téad nó cáblaí teicstíle

			— iad sórtáilte — eile
			B3035 — B3060
B3065			
			B3070 — B3130
			B3140: Dramhaíl as aerbhoinn agus boinn eile , seachas na boinn sin nach féidir acmhainní a bhaint astu, ná iad a athchúrsáil ná a aisghabháil ach gan na cinn atá beartaithe le haghaidh athúsáid dhíreach a áireamh B3140: Boinn Aerárthaí a onnmhairítear chuig na Déantúsóirí Buntrealaimh le haghaidh atráchta agus arna n-allmhairiú ag na haerlínte arís tar éis an atráchta sin chun aerárthaí a chothabháil, ar boinn iad a choimeádtar ar bord nó i stóir na n-aerlínte atá lonnaithe taobh an aeir de na Limistéir Banna Custaim
			B4010 — B4030
